Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus ar sheirbhísí áirithe eile a thug an Oifig sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €394.234 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

### *Athruithe ar struchtúr an Vóta*

Ullmhaíodh an cuntas de réir an Mheastacháin Athbhreithnithe don tSláinte, 2021.

Cuireadh dhá fho-mhírcheann nua leis chun costais Covid-19 na Roinne in 2021 a chur i gcuntas. Bunaíodh fo-mhírcheann B.4 chun costais a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde Covid-19 a chumhdach. Bunaíodh fo-mhírcheann E.5 chun tionscnaimh éagsúla Covid-19 a mhaoiniú, lena n-áirítear coraintín éigeantach in óstán, deimhnithe vacsaínithe Covid-19 agus foirmeacha aimsithe paisinéirí.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

### *Íocaíochtaí le FSS*

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le seirbhísí a sholáthar ar bhonn deontais, de réir an mhaoinithe atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisítear chuig FSS agus ina leagtar a leibhéil chaiteachais cheadaithe amach. Muirearaíodh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-mhírcheann ábhartha. B'ionann an maoiniú deontais a íocadh le FSS in 2021 agus €21.339 billiún (2020: €20.475 billiún). Tugtar cuntas air sin ar fud 14 fho-mhírcheann — gach fo-mhírcheann ó I go M.4, cé is moite d'fho-mhírcheann M.1, a bhain le caiteachas caipitil de chuid gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Comhlíontar an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead mar is ceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a sholáthraíonn feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhís chomhroinnte (e.g., acmhainní daonna) a sholáthar. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina gcuimsítear na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom ó thaobh mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a chomhlíonadh.
- Rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú do gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn den timpeallacht rialaithe ina bhfeidhmíonn sí a neartú in 2022.

### *Cibirionsaí*

I ndiaidh cibirionsaithe i mí na Bealtaine 2021, d'iarr an Roinn ar a sainchomhairleoirí slándála feabhas a chur ar na bearta slándála agus athbhreithniú iomlán á dhéanamh ar an teagmhas agus ar an mbonneagar. Cuireadh seirbhís choiscthеach, monatóireachta, braite agus freagartha a bhíonn i mbun oibre 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain, i bhfeidhm chun córais a chosaint trí mhonatóireacht uathoibríoch agus monatóireacht de láimh. Trí bhogearraí braite agus freagartha sínte a úsáid, soláthraítear anailís fíor-ama a mbíonn seirbhísí imscrúdaitheacha mar chúltaca leo agus, más gá, soláthraítear seirbhísí freagartha agus leasúcháin. Cabhróidh sé sin le fadhbanna a chosc trí fhógra agus freagra luath a thabhairt, agus tá sé i gcomhréir le cleachtas reatha an tionscail. Cuireadh le feasacht agus oiliúint na foirne maidir le saincheisteanna cibearshlándála agus cuirfidh an Roinn clár feasachta éigeantach ar chibearshlándáil i bhfeidhm go luath chun clár oibre leanúnach um chibearshlándáil a fhorbairt agus a sheachadadh, i gcomhréir le beartais na Roinne, lena soláthrófar ábhar tráthúil spéisiúil chun feasacht ar an gcibearshlándáil a chur chun cinn agus chun cultúr dea-chleachtais a neartú.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina dtugtar feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

### *Comhlíonadh soláthair*

Cinntíonn an Roinn go mbíonn díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile. In 2021, níor lean an Roinn na gnáthphróisis iomaíocha um sholáthar conarthaí i gcás 26 chonradh arbh fhiú €34.767 milliún iad. Áirítear leo sin dhá chonradh freagartha Covid-19 ar leith arbh fhiú €30.123 milliún san iomlán iad. Airítear leis na mionsonraí a leagtar amach thíos conradh amháin ar bhain caiteachas neamhiomaíoch agus caiteachas iomaíoch leis.

- Agus í ina treoir-Roinn sa fhreagairt do phaindéim Covid-19, bhí ardleibhéal neamhghnách caiteachais neamhiomaíoch i gceist in 2021. Dámhadh/mionathraíodh trí chonradh déag ar fiú €33,331,403 san iomlán iad mar thoradh díreach ar cheanglais phráinneacha Covid-19.
- Bhain €907,573 le sé chonradh a soláthraíodh ó chonraitheoirí de dheasca práinne.
- Bhain €188,262 le dhá chonradh a mhionathraíodh mar thoradh ar oibreacha breise riachtanacha nárbh fhéidir a áireamh sa bhunphróiseas soláthair.
- Bhain €115,942 le dhá chonradh le haghaidh bogearraí dílsithe a ceannaíodh ó sholáthraí aonair na dtáirgí sin.

- Bhain €93,974 le conradh i ndáil le tacaíocht leanúnach bogearraí i gcás nach mbeadh sna himpleachtaí costais agus sna hamlínte chun pacáiste nua a fhorbairt luach ar airgead don Státchiste.

Measadh nár chomhlíon trí chonradh arbh fhiú €130,107 iad na treoirlínte soláthair ar an mbonn seo a leanas.

- Bhain €26,016 le conradh monatóireachta meán a cuireadh amach chun tairisceana roimhe sin ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Meastar an tseirbhís sin a bheith riachtanach chun an gá leanúnach um monatóireacht meán a éascú i ndáil leis an staid athraitheach sláinte poiblí, de réir mar a thuairiscítear í sna meáin náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé ar intinn ag an Roinn tabhairt faoi chleachtadh soláthair chun aghaidh a thabhairt ar an ngá atá leis an tseirbhís seo amach anseo.
- Bhain €63,735 le seirbhísí dearaidh ghrafaigh agus bhain an chuid ba mhó den chaiteachas sin le próisis soláthair um 'iarratas ar luachan'. Tugadh faoi chomórtas tairisceana nua in R4 2021 agus tá críoch curtha le creat maidir le soláthar seirbhísí dearaidh ghrafaigh.
- Bhain €40,356 le seirbhísí físléiriúcháin a úsáidtear go minic. Sa chuid is mó den bhliain, déanann seirbhís inmheánach freastal ar an riachtanas sin. Tá sé ar intinn ag an Roinn tairiscintí a lorg don tseirbhís chúltaca seo in 2022.

Tá an Roinn tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soláthair neamhchomhlíontaigh. Tá an Roinn i mbun a beartas agus a nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair a neartú agus tugtar tuairiscí chun dáta don fhoireann ar fad chuige sin. I gcás gur cuí, baineann an Roinn leas as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht é feabhas a chur ar phróisis reatha bhainistíochta conarthaí agus tá siad á gur i bhfeidhm go hinmheánach i láthair na huaire. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú agus í ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ina n-oibríonn pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn i gcomhréir le cairt i scríbhinn arna faomhadh agam féin. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais ar a bhfuil an Roinn neamhchosanta bonn eolais faoina cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Is é is aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. I measc na mbeart a glacadh in 2021 chun an fheidhm a neartú chun na cúinsí ina bhfeidhmíonn an Roinn, cúinsí a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí, a léiriú, méadaíodh líon na gcoibhéisí lánaimseartha agus ceadaíodh samhail comhfhoinsithe. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Déanann an Roinn riosca a bhainistiú trína hOifig Oibríochtaí Corparáideacha féin, le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre Riosca ina bhfuil ionadaithe ó réimsí éagsúla ar fud na Roinne. Cuirfidh an Oifig Oibríochtaí Corparáideacha tuarascálacha faoi bhráid Fhochoiste Rialachais Inmheánaigh nuabhunaithe an Bhoird Bainistíochta ar bhonn Rialta, ar fochoiste é a thugann comhairle agus dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus láidreacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Roinne.

Tá breithniú á dhéanamh ag an Roinn ar mholtaí a tháinig as athbhreithniú seachtrach a rinneadh ar bhainistíocht riosca in 2020, lena n-áirítear a clár rioscaí corparáideacha a fhorbairt, ráiteas inghlacthachta riosca a dhréachtú agus oiliúint foirne a chur ar fáil chun a chinntiú go gcuirtear clár rioscaí i gcrích de réir caighdeán comhsheasmhach. Cuireadh cur chun feidhme roinnt moltaí ar sos de dheasca phaindéim Covid-19 agus de dheasca athruithe struchtúrtha laistigh den Roinn; táthar ag súil, áfach, go dtabharfar aghaidh ar an gcuid is mó díobh in 2022.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2021 bunaithe ar an g*Cód Cleachtais athbhreithnithe chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* (2016) a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déanann na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn formhaoirseacht ar na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, agus iad faoi stiúir ag leibhéal an Phríomhoifigigh, le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais na Roinne agus aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, tá gach Bord agus Cathaoirleach gach Boird, freagrach as sainordú agus feidhmeanna na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne a chomhlíonadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí faoina coimirce go príomha

- leis an reachtaíocht bhunúsach lenar bunaíodh an comhlacht, agus
- leis na ceanglais atá leagtha amach i *gCód Cleachtais* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Faoin *gCód Cleachtais* athbhreithnithe, bhí comhaontuithe formhaoirseachta agus comhaontuithe soláthair feidhmíochta i bhfeidhm le mórchuid na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne amhail an 31 Nollaig 2021, seachas FSS agus Chumann Cógaiseoirí na hÉireann. Díríonn an cur chuige sin ar aschuir agus ar thorthaí agus tá táscairí feidhmíochta ann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach éifeachtúil chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. Comhaontaíodh agus ceadaíodh plean náisiúnta seirbhíse FSS do 2022 i mí Feabhra 2022 agus níl ach an comhaontú maoirseachta fós le comhaontú ag an bpointe sin.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus ceadaíonn an tAire Sláinte é. Ina theannta sin, leanann FSS le plean seirbhíse náisiúnta a ullmhú gach bliain ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar laistigh den mhaoiniú atá ar fáil. Ceadaíonn an tAire Sláinte an plean sin. Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach gach mí ar a laghad i rith na bliana, agus tionóltar cruinnithe míosúla ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó éiritheacha agus bearta a chinneadh chun feabhas a chur ar réimsí imní.

Maidir leis na comhlachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne, foráiltear le reachtaíocht, i bhformhór na gcásanna, do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. De bharr na bpleananna sin, bítear in ann an straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú faoi seach leis an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thugtar le fios a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais in 2021 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Lean paindéim Covid-19 ar aghaidh in 2021. Cumhdaíodh riachtanais mhaoiniúcháin sa phróiseas meastachán agus ní raibh aon ghá le maoiniú breise/forlíontach in 2021.

Leis na struchtúir reatha formhaoirseachta idir an Roinn Sláinte, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear grúpa maoirseachta an bhuiséid sláinte, mar aon le struchtúir agus próisis nua, leanadh le cinnteoireacht thráthúil a éascú le linn na paindéime agus cinntíodh gur coinníodh ardchaighdeáin rialachais ar siúl ag an am céanna.

Thuairiscigh FSS don Roinn gach seachtain maidir leis an gcaiteachas measta neamhchaipitil agus caipitil a bhain le Covid-19 a tabhaíodh go dtí sin. Sna tuarascálacha sin, mionsonraíodh an caiteachas a tabhaíodh i ngach réimse chomh maith le meastachán ar na costais a bhaineann le tionchar indíreach na paindéime, amhail cailleadh ioncaim.

Ar mhaithe le comhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh, d’oibrigh foireann na Roinne ón mbaile arís i rith 2021. Ionas gur féidir a chinntiú go leantar ar aghaidh le hobair riachtanach na Roinne, d’oibrigh foireann na Roinne ón mbaile trí nasc slán chuig gréasán príobháideach fíorúil. Leasaíodh rialuithe airgeadais chun na himthosca athraithe ina raibh an Roinn ag feidhmiú le linn 2020 agus 2021 a léiriú.

Cuireadh Iniúchadh Inmheánach dar teideal ‘*Iniúchadh ar rialuithe airgeadais an Aonaid Cuntasaíochta a tugadh isteach mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 agus ar oibriú ón mbaile*’ i gcrích in 2021 agus tugadh rátáil dearbhaithe ‘substaintiúil’ ag an deireadh.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 38 Sláinte don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Sláinte agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu trí eisceacht san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Tionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála***

I gCaibidil 12 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, tagraítear do thionchar airgeadais an ionsaithe cibearshlándála a rinneadh i mí na Bealtaine 2021 ar chórais áirithe TFC, lena n-áirítear iad sin de chuid na Roinne Sláinte agus de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

***Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte***

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach. Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 38 mar chuid den scrúdú sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2021

| Seirbhís | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | | 44,800 | 44,916 | 36,117 |
| A.2 | Taisteal agus cothú | | 275 | 112 | 194 |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 3,304 | 3,127 | 2,649 |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 180 | 143 | 158 |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 2,541 | 2,706 | 1,850 |
| A.6 | Costais áitribh oifige | | 972 | 654 | 624 |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | 2,000 | 371 | 456 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | 46,450 | 40,952 | 40,756 |
| B.2 | Ciste Éire Shláintiúil | | 22,450 | 10,401 | 6,609 |
| B.3 | Tionscnamh Drugaí | | 16,928 | 5,395 | 6,729 |
| B.4 | Gníomhaíocht Taighde COVID-19 | | 5,000 | 4,998 | — |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 2,700 | 3,192 | 1,968 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha | | 10,465 | 11,155 | 9,363 |
| E.1 | Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha | | 98,744 | 81,505 | 91,862 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia | | 5,691 | 5,343 | 5,341 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | 100,022 | 100,000 | 80,000 |
| E.4 | INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann | | 5,300 | 1,686 | 3,013 |
| E.5 | Gníomhartha COVID-19 | | 45,000 | 56,061 | — |

| Seirbhís | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | |
| F.1 | Íocaíochtaí i leith míchumais de bharr Tailidimíde | | 495 | 402 | 380 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a maíonn go ndearna vacsaíniú dochar dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | 18,900 | 10,923 | 9,245 |
| F.4 | Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002 | | 2,100 | 2,434 | 1,229 |
| G | Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí cúram sláinte | | 1,150 | 1,395 | 2,611 |
| H | Sláintecare | | 22,600 | 8,390 | 21,540 |
| **Riarachán corparáideach** | | | | | |
| I | Glanchostais phinsin | | 590,610 | 583,250 | 517,520 |
| **Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS** | | | | | |
| J.1 | FSS (forbairtí seirbhísí san áireamh) | | 13,217,386 | 12,477,781 | 11,697,124 |
| J.2 | FSS – Gníomhartha COVID-19 | | 1,666,000 | 2,193,152 | 2,351,156 |
| **Seirbhísí eile FSS** | | | | | |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,513 | 376 | 1,879 |
| K.2 | Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca), 2006 | | 1,700 | — | 150 |
| K.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú), 2006 - Scéim Árachais | | 1,000 | 252 | 1,686 |
| K.4 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | 410,000 | 465,136 | 377,452 |

| **Seirbhís** | | | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.5 | Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin) | | 2,700 | 204 | 997 |
| **Clár cúraim** | | | | | |
| L.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil | | 3,516,000 | 3,433,301 | 3,238,400 |
| L.2 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - gníomhartha Covid-19 | | 10,000 | 17,672 | 140,031 |
| L.3 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | 1,044,230 | 1,017,600 | 998,146 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| M.1 | Deontais maidir le tógáil, trealmhú (lena n-áirítear TFC) | | 14,527 | 13,346 | 12,466 |
| M.2 | Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 783,000 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 68,174 | | | |
| | | | 851,174 | 749,855 | 607,726 |
| M.3 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 255,000 | 245,500 | 221,996 |
| M.4 | Gníomhartha caipitil Covid-19 (lena n-áirítear TFC) | | 155,000 | 155,000 | 320,566 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 22,129,734 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 68,174 | | | |
| | | | **22,197,908** | **21,748,684** | **20,809,989** |
| | *Lúide* | | | | |
| N | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **432,770** | **481,780** | **487,723** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 21,696,964 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 68,174 | | | |
| | | | **21,765,138** | **21,266,904** | **20,322,266** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €104 mhilliún de leithdháiltí neamhchaite i leith eilimintí caipitil d'fho-mhírcheann M.2 agus M.3 ar aghaidh go dtí 2022.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 498,233,827 | 119,933,743 |
| Géilleadh iarchurtha | (104,000,000) | (68,174,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **394,233,827** | **51,759,743** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

30 Márta 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán na Roinne | | 52,028 | 42,048 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 21,696,656 | 20,767,941 |
| **Ollchaiteachas** | | **21,748,684** | **20,809,989** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **481,780** | **487,723** |
| **Glanchaiteachas** | | **21,266,904** | **20,322,266** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (11) | | |
| Dímheas | 33 | 22 | (46) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 154 | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | 158 | (1,022) |
| **Caiteachas díreach** | | **21,267,084** | **20,321,198** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,439 | 19,288 |
| **Glanchostas an chláir** | | **21,287,523** | **20,340,486** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile. Is meastacháin iad na figiúirí thíos atá bunaithe ar fhigiúirí sealadacha toraidh arna gcur ar fáil ag an Rannóg Seirbhísí Lárnacha sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,214 | 50 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 11,259 | 10,800 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 7,508 | 8,031 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 72 | 62 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 105 | 83 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 281 | 262 |
| | | **20,439** | **19,288** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 74 | 79 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 94,800 | 51,654 |
| Stoic | 2.3 | 14 | 18 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 858 | 2,036 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 18,033 | 14,675 |
| Ioncam fabhraithe | | 127 | 102 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **113,832** | **68,485** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 916 | 1,915 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 3,477 | 2,644 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 109,356 | 63,685 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **113,749** | **68,244** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 83 | 241 |
| **Glansócmhainní** | | **157** | **320** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **157** | **320** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 113 | 113 |
| Breiseanna | 11 | 11 |
| Coigeartuithe [a] | 59 | 59 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 183 | 183 |
| **Dímheas carntha** | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 34 | 34 |
| Dímheas don bhliain | 33 | 33 |
| Coigeartuithe [a] | 42 | 42 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 109 | 109 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **74** | **74** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | **79** | **79** |

Nóta [a] Is ann don choigeartú seo mar thoradh ar bhogearraí áirithe TF a bheith á mbaint go mícheart den chlár sócmhainní in 2020.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 94,800 | 51,579 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc eile | — | 75 |
| | **94,800** | **51,654** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 10 | 12 |
| Tomhaltáin TF | 4 | 6 |
| | **14** | **18** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Éire Shláintiúil | 764 | 1,330 |
| Ciste lánpháirtíochta Sláintecare | — | 620 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 94 | 86 |
| | **858** | **2,036** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 19 | — |
| Caiteachas scéime pas taistil in-fhorchúitithe | 57 | 41 |
| An Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a] | 16,911 | 13,561 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 1,046 | 1,073 |
| | **18,033** | **14,675** |

Nóta [a] Faoi réir cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, déanann fo-mhírcheann F.3 íocaíochtaí le Cuntas Speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002, agus déanann fo-mhírcheann F.4 íocaíochtaí le Ciste Cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais freagrach as an gCuntas Speisialta agus as an gCiste Cúitimh.

Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta don Bhinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí cúitimh a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh de bhun na dtuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Sláinte.

Léiríonn an t-iarmhéid ag deireadh na bliana na costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse agus nár forchúitíodh maoiniú ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Cúitimh ina leith go fóill.

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 394 | 658 |
| Táillí dlí | 286 | 630 |
| Ciste Éire Shláintiúil | 163 | 9 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte | — | 612 |
| Fabhruithe eile | 73 | 6 |
| | **916** | **1,915** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 613 | 560 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 388 | 334 |
| Muirear sóisialach uilíoch //tobhach ioncaim | 119 | 114 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 2 |
| Cáin bhreisluacha | 65 | 54 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 70 | 100 |
| | 1,257 | 1,164 |
| Cuntas speisialta RISF | — | 50 |
| Asbhaintí párolla a choimeádtar i bhfionraí | 45 | 239 |
| Maoiniú ó AE | 1,724 | 898 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 451 | 293 |
| | **3,477** | **2,644** |

### 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 394,234 | 51,760 |
| Géilleadh iarchurtha | 104,000 | 68,174 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (388,878) | (56,249) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **109,356** | **63,685** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 94,800 | 51,654 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 18,033 | 14,675 |
| | 112,833 | 66,329 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,257) | (1,164) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,220) | (1,480) |
| | (3,477) | (2,644) |
| | | |
| | **109,356** | **63,685** |

### 2.9 An cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 320 | 43 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 21,765,138 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (104,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (394,234) | | |
| Vóta glan | | | 21,266,904 | 20,322,266 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 20,439 | 19,288 |
| Caiteachas neamhairgid - coigeartú sócmhainní caipitil | | | 17 | (791) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (21,287,523) | (20,340,486) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **157** | **320** |

## 2.10 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 2,371 | 2,007 |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 16,782 | 19,148[a] |
| Cláir deontas caipitil | 47,641 | 25,721 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **66,794** | **46,876[a]** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 19,148 | 30,530 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (15,858) | (27,691) |
| Ceangaltais nua deontais | 16,588 | 19,147[a] |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (3,096) | (2,838)[a] |
| **Iarmhéid deiridh** | **16,782** | **19,148[a]** |

Nóta [a] Athluaitear figiúr 2020 de dheasca earráid a tugadh faoi deara agus ceangaltas á ríomh.

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 25,721 | 32,909 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (10,001) | (9,574) |
| Ceangaltais nua deontais | 33,273 | 2,409 |
| Deontais a cuireadh ar ceal | (1,352) | (23) |
| **Iarmhéid deiridh** | **47,641** | **25,721** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

## 2.12 Iarmhéid FSS

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Dliteanas tosaigh ag an 1 Eanáir | — | (53,990) |
| Cinneadh | (21,627,500) | (19,451,541) |
| Deontais a eisíodh | 21,334,052 | 19,451,541 |
| Barrachas na bliana roimhe sin a cuireadh i bhfeidhm | 268,117 | 53,990 |
| Dliteanas deiridh ag an 31 Nollaig | (25,331) | — |
| Deontas a iarchuireadh [a] | 24,377 | — |
| **Iarmhéid glan le FSS** | **(954)** | **—** |

Nóta [a] I measc na ndeontas a eisíodh chuig FSS bhí €24.377 milliún i maoiniú aonuaire ar leith a sholáthair an tAire i mí na Nollag 2021 i leith seirbhísí Meabhair-Shláinte (€7.9 milliún), seirbhísí Míchumais (€6.4 milliún) agus Seirbhísí um Chúram Maolaitheach (€10 milliún). Chaith FSS leis sin mar ioncam iarchurtha ina ráitis airgeadais.

Aistríodh maoiniú deontais ab fhiú €21,334 mhilliún chuig FSS le linn 2021 chun a riachtanais láithreach airgid a chomhlíonadh. Bhí sé sin €293.448 milliún níos lú ná an glanmhéid cinntiúcháin do 2021. Nochtar i ráitis airgeadais FSS le haghaidh 2020 barrachas €200.7 milliún ar a chuntas ioncaim agus caiteachais neamhchaipitil agus barrachas €67.4 milliún ar a chuntas ioncaim agus caiteachais caipitil. I mí Feabhra 2022, d'ordaigh an tAire, de bhun alt 33 den Acht Sláinte 2004 (arna leasú), gur cheart gach barrachas a chur i bhfeidhm i leith dhliteanas an Státchiste do FSS do 2021.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugtar míniú thíos maidir le gach fo-mhírcheann caiteachais ina raibh an toradh breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás fo-mhírcheann riaracháin áirithe). Íocadh an róchaitheamh ar roinnt fo-mhírcheann trí aistriú coigilteas ar fho-mhírchinn eile.

### Caiteachas riaracháin

**A.2 Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €275,000; toradh €112,000*

Tharla an gannchaiteamh €163,000 ar chaiteachas ar thaisteal agus cothú mar thoradh ar riachtanais laghdaithe taistil de dheasca phaindéim Covid-19.

**A.6 Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €972,000; toradh €654,000*

Tharla an gannchaiteamh €318,000 ar chaiteachas ar chostais áitribh oifige mar gheall ar chostais chóiríochta a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis de bharr socruithe cianoibre a bheith i bhfeidhm ar feadh an chuid is mó de 2021.

**A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €371,000*

Tharla an gannchaitheamh €1.629 milliún ar chaiteachas ar sheirbhísí comhairleoireachta mar gheall ar mhoilleanna ar mhaoiniú le haghaidh tionscadal a cheadú de dheasca leithdháileadh acmhainní mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

### Deontais do ghníomhaireachtaí

**B.1 Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile**

*Soláthar meastacháin €46.45 milliún; toradh €40.952 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €5.498 milliún den chuid is mó de dheasca thionchar phaindéim Covid-19 ar sheirbhísí/cláir arna n-eagrú ag gníomhaireachtaí amhail an Chlárlann Náisiúnta Ailse, an Coiste Náisiúnta um Eitic Thaighde, Taighde ar Árais Máithreacha is Leanaí agus TILDA.

**B.2 Éire Shláintiúil**

*Soláthar meastacháin €22.45 milliún; toradh €10.401 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €12.049 milliún toisc go ndearnadh maoiniú €7.7 milliún a bhí le caitheamh ar phobail shláintiúla agus ar chúrsaí lachta a phríomhshruthú. Mar thoradh air sin, tá €7.7 milliún le haistriú chuig fo-mhírcheann J.1. Baineann an difríocht atá fós i gceist le moilleanna uainíochta de dheasca phaindéim Covid-19.

**B.3 Tionscnamh drugaí**

*Soláthar meastacháin €16.928 milliún; toradh €5.395 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €11.533 milliún toisc nach rabhthas in ann roinnt tionscnamh taighde a chur ar aghaidh de dheasca shrianta Covid-19. Áiríodh €9.262 milliún sa mheastachán le haghaidh tionscnaimh de chuid FSS maidir le handúil, le hionchuimsitheacht shóisialta agus le paindéim Covid-19, agus aistreofar €8.3 milliún de go fo-mhírchinn J.1 agus J.2.

**C Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus comhlachtaí Idirnáisiúnta eile**

*Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €3.192 milliún*

Tharla an róchaitheamh €492,000 go príomha toisc nár íocadh ballraíocht gníomhaireachta 2020 go dtí mí Feabhra 2021.

**D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €10.465 milliún; toradh €11.155 milliún*

Tharla an róchaitheamh €690,000 go príomha mar thoradh ar uainiú éisteachtaí cúirte de dheasca phaindéim Covid-19.

**E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha**

*Soláthar meastacháin €98.744 milliún; toradh €81.505 milliún*

Cuireann an Roinn cistí ar aghaidh chuig gníomhaireachtaí sláinte suas go leibhéal ceadaithe caiteachais nó caiteachais iarbhír, cibé acu is lú. Chuir ráig Covid-19 i dtús 2021 isteach go mór ar na seirbhísí/cláir arna reáchtáil ag roinnt gníomhaireachtaí agus cuireadh moill ar riachtanais mhaoiniúcháin dá bharr. Bhí gannchaitheamh mór i gceist ar fud na heagraíochtaí seo a leanas: an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil; an Coimisiún Meabhair-Shláinte; an Tascfhórsa um Shláinte Ban; Tionscnaimh um Shábháilteacht Othar; agus an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Scagthástáil.

**E.4 INTERREG Éire / Tuaisceart Éireann**

*Soláthar meastacháin €5.3 milliún; toradh €1.686 milliún*

Lorgaíonn Comhlacht na gClár Speisialta AE íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo bunaithe ar íocaíochtaí iarbhír a dhéantar le tionscadail faoin scéim seo. Bhí an caiteachas €3.614 milliún níos lú ná an meastachán mar thoradh ar uainiú na n-iarratas ar an maoiniú tionscadail.

**E.5 Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar meastacháin €45 mhilliún; toradh €56.061 milliún*

Bhain an róchaitheamh le costais oibríochta a bheith níos airde ná mar a bhí tuartha le haghaidh chláir an coraintín éigeantaigh in óstán. Tá oll-íocaíochtaí €35.044 milliún cláraithe agus tá na fáltais ghaolmhara €11.435 milliún ó rannpháirtithe cláraithe faoi fháltais ilghnéitheacha i leithreasaí-i-gcabhair.

**F.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin €18.9 milliún; toradh €10.923 milliún*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €7.977 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc go raibh líon agus luach na ndámhachtainí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**F.4 Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, 1997 agus 2002**

*Soláthar meastacháin €2.1 milliún; toradh €2.434 milliún*

Foráiltear le halt 11 den Acht go n-íocfar suimeanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. In 2020, bhí moilleanna ann ar shuíonna an Bhinse de dheasca phaindéim Covid-19 agus bhí líon agus luach na ndámhachtainí ag an mbinse níos lú ná mar a bhí leagtha amach sa bhuiséad don bhliain sin. Mar thoradh air sin, bhí íocaíochtaí ón gciste cúitimh €334,000 níos airde ná an buiséad do 2021 de réir agus a tháinig íocaíochtaí suas le dáta.

**G Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte**

*Soláthar meastacháin €1.15 milliún; toradh €1.395 milliún*

Tharla an róchaitheamh €245,000 de dheasca caiteachas Covid-19 a bheith níos airde ná mar a bhí beartaithe.

**H Sláintecare**

*Soláthar meastacháin €22.6 milliún; toradh €8.390 milliún*

Tharla an gannchaitheamh i Sláintecare toisc go raibh na híocaíochtaí le haghaidh comhairleoireachta níos lú ná mar a bhí tuartha, toisc go raibh moill i gceist le babhta 1 de dheasca phaindéim Covid-19 agus de bharr uainíocht bhabhta 2 de Sláintecare i ndiaidh athruithe in oifig Chlár Sláintecare sa dara leath de 2021. Cuirfear tús le babhta 2 anois in 2022.

## Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh FSS

**J.1 FSS (Forbairtí Seirbhíse san áireamh)**

*Soláthar meastacháin €13,217.386 milliún; toradh €12,477.781 milliún*

Tharla an laghdú €739.605 milliún go príomha mar thoradh ar chúlchistí láidre airgid thirim FSS. Tá sé beartaithe go n-aistreofar coigilteas i bhfo-mhírcheann J.1 go fo-mhírcheann J.2 chun róchaithimh sna fo-mhírchinn a bhaineann le Covid-19 a fhritháireamh.

**J.2 Gníomhartha FSS i leith COVID -19**

*Soláthar meastacháin €1,666 mhilliún; toradh €2,193.152 milliún*

Tharla an méadú €527 milliún i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur bhain costas riachtanais maoiniúcháin a bhí níos airde ná mar a bhí beartaithe le clár vacsaínithe Covid-19 (€264 mhilliún) agus le tástáil agus rianú (€171 mhilliún). Baineann an difríocht eile le caitheamh a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar ospidéil phríobháideacha, ar chostais lia-chleachtóirí agus ar an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Shealadaigh.

## Seirbhísí eile FSS

**K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin €4.513 milliún; toradh €376,000*

Tharla an t-easnamh caiteachais de €4.137 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc nár íocadh na deontais go dtí gur comhlíonadh coinníollacha an deontais. Tharla moilleanna de dheasca ceanglas faisnéise atá fós amuigh.

**K.2 Íocaíochtaí leis an gCuntas Speisialta - An tAcht Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006**

*Soláthar meastacháin €1.7 milliún; toradh €nialas*

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas de €1.7 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfo-mhírcheann seo a bheith de chineál a d'fhág go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má bhíonn ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe agus, dá bhrí sin, féadfar uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, caithfidh an Stát na dliteanais a eascraíonn faoin Scéim a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfaidh maoiniú don Scéim san fho-mhírcheann ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

**K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 - Scéim Árachais**

*Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €252,000*

Tharla an laghdú caiteachais €748,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin toisc gur próiseas garbhreithiúnach é seo atá bunaithe ar éilimh a taisceadh agus bíonn éagsúlacht mhór ann i nádúr na n-éileamh agus na híocaíochtaí ó bhliain go bliain.

**K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**

*Soláthar meastacháin €410 milliún; toradh €465.136 milliún*

Tharla an róchaitheamh €55.136 milliún go príomha mar thoradh ar uainiú éisteachtaí cúirte in 2021.

**K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)**

*Soláthar meastacháin €2.7 milliún; toradh €204,000*

Bhí an caiteachas sa réimse seo €2.496 milliún níos lú ná an meastachán a tugadh i dtús báire mar cuireadh tionscadail siar mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar acmhainní.

## Clár cúraim

**L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil - Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €17.672 milliún*

Bhí caiteachas €7.672 milliún níos airde ná an meastachán mar thoradh ar an maoiniú méadaithe a bhí ag teastáil ó lia-chleachtóirí chun clinic tiomnaithe riospráide a reáchtáil ina gcleachtais le haghaidh othar a bhfuil diagnóis deimhnithe nó dóchúil Covid-19 orthu.

## Seirbhísí caipitil

**M.1 Deontais maidir le tógáil, trealmhú (TFC san áireamh)**

*Soláthar meastacháin €14.527 milliún; toradh €13.346 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €1.181 milliún toisc nár tabhaíodh an caiteachas a rabhthas ag súil leis in 2021 i leith gníomhaireachtaí nach FSS iad.

**M.2 Áiseanna sláinte agus áiseanna ardoideachais a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú**

*Soláthar meastacháin €851.174 milliún; toradh €749.855 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €101.319 milliún de dheasca roinnt imthosca, lena n-áirítear tionchar phaindéim Covid-19 (a chuir isteach ar rochtain ar shuíomhanna i dtimpeallachtaí sláinte beo), cúrsaí shlabhra an tsoláthair, agus moilleanna uainíochta ó thaobh tionscadal a chur ar aghaidh.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil | 245,000 | 270,000 | 270,000 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 2,450 | 4,609 | 5,807 |
| 4 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 2,450 | 2,283 | 3,126 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | 4,300 | 32,179 | 24,615 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | 2,700 | 350 | 11,247 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 4,015 | 3,831 | 3,510 |
| 8 | Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE. | 4,250 | 923 | 1,813 |
| 9 | Fáltais maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa (CSTE) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) | — | — | — |
| | **Iomlán** | **432,770** | **481,780** | **487,723** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhír seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €49.01 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá na difríochtaí mínithe thíos:

1 **Costas na seirbhísí sláinte a chuirtear ar fáil faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil**

*Meastachán: €245 mhilliún; réadaithe €270 milliún*

B'ionann an tsuim a gnóthaíodh faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh agus €25 mhilliún níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Déantar an tsuim a fhaightear a chaibidliú le linn na bliana agus ní bhítear cinnte faoi cén tsuim a gheofar sula ndéanfar idirbheartaíocht le linn na bliana.

**3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Oftalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán: €2.45 milliún; réadaithe €4.609 milliún*

Tharla an méadú de €2.159 milliún toisc go raibh sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí oftalmacha a thuar. Tá moill ama i gceist le hinfhaighteacht faisnéise ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**4 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán: €2.45 milliún; réadaithe €2.283 milliún*

Tharla an méadú de €167,000 toisc go raibh sé deacair éilimh faoin scéim seirbhísí fiaclóireachta a thuar. Tá moill ama i gceist le hinfhaighteacht faisnéise ón Roinn Coimirce Sóisialaí ar leibhéal na n-éileamh a thagann chun cinn.

**5 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán: €4.3 milliún; réadaithe €32.179 milliún*

Tharla an méadú €27.879 milliún go príomha mar thoradh ar fháltais ó choraintín éigeantach in óstán agus fáltas ó Chiste Dlúthpháirtíochta Éigeandála Sláinte i mí na Nollag 2021. Mar chuid de na fáltais ilghnéitheacha freisin, bhí aistrithe cistí nár úsáideadh ó chuntas fionraí maoinithe fionraí an Aontais Eorpaigh, fáltais i ndáil le táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí agus táillí saorála faisnéise.

**6 Cuntais dhíomhaoine**

*Meastachán: €2.7 milliún; réadaithe €350,000*

Bhí na fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin €2.35 milliún níos lú ná an meastachán mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhain le huainiú caiteachais i leith tionscadal a ceadaíodh le haghaidh cistiúcháin faoi phleananna gníomhaíochta chiste na gcuntas díomhaoin do 2016, 2017 agus 2018.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €4.015 milliún; réadaithe €3.831 milliún*

Bhí an tsuim a fuarthas ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais €184,000 níos lú ná an tsuim a measadh de bharr laghdú sna ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

**8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE**

*Meastachán: €4.25 milliún; réadaithe €923,000*

B’ionann agus €3.327 milliún níos lú ná mar a bhíothas súil leis na fáltais a fuarthas maidir le Cláir Speisialta AE mar thoradh ar chineál an chláir INTERREG, a fhágann go bhfuil sé deacair uainiú na bhfáltas seo a thuar.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach pá | 53 | 48 |
| Aistriú chuig an Státchiste | (53) | (48) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| Roinn | 673 | 596 |
| Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 85,508 | 81,192 |
| Fostaithe (Alt 38) seirbhísí deonacha géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine | 46,815 | 44,982 |
| Gníomhaireachtaí eile [a] | 1,868 | 1,787 |
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** | **134,864** | **128,557** |

Nóta [a] Cuimsíonn 'gníomhaireachtaí eile' gach gníomhaireacht a oibríonn faoi choimirce na Roinne, lena n-áirítear iad siúd nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 41,041 | 34,346 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 284 | 257 |
| Liúntais eile | 5 | 11 |
| Ragobair | 182 | 255 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,404 | 2,624 |
| **Pá iomlán** | **44,916** | **37,493** |

**Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 4,330,114 | 4,074,480 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 526,645 | 488,601 |
| Riaráistí | 21,052 | 44,240 |
| Ragobair | 240,339 | 210,830 |
| ÁSPC an Fhostóra | 507,363 | 471,299 |
| Aoisliúntas | 811,377 | 766,704 |
| Pá iomlán fhostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 6,436,890 | 6,056,154 |
| | | |
| Costais foirne gníomhaireachta | 568,450 | 390,098 |
| **Pá iomlán [a]** | **7,005,340** | **6,446,252** |

Nóta [a] Ní chuimsíonn na costais phá thuas costais fostaithe san earnáil dheonach.

**Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 65,531 | 60,047 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 126 | 150 |
| Liúntais eile | 114 | 123 |
| Ragobair | 38 | 12 |
| ÁSPC an Fhostóra | 6,764 | 6,173 |
| **Pá iomlán** | **72,573** | **66,505** |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | An líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 46 | 13 | 22,002 | 22,029 |
| Liúntais eile | 9 | — | 2,166 | 1,878 |
| Ragobair | 52 | 5 | 17,611 | 23,399 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 4 | 4 | 22,264 | 20,918 |
| **Foireann gníomhaireachtaí eile** [a] | | | | |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 43 | 5 | 14,648 | 28,625 |
| Liúntais eile | 20 | — | 6,394 | 11,436 |
| Ragobair | 30 | — | 8,903 | 2,906 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 2,960 | 3,445 |

Nóta [a] Cuimsíonn gníomhaireachtaí eile gníomhaireachtaí a oibríonn faoi choimirce na Roinne agus a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Níor athfhostaíodh aon iar-státseirbhíseach ar bhonn tuarastail in 2021.

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €62,613 maidir le beirt oifigeach a d'fhóin lasmuigh den Roinn i rith 2021 nó ar feadh tréimhse le linn 2021 agus a raibh a dtuarastal á íoc ag an Roinn.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | An líon faighteoirí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 21 | 35,450 | 54,712 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 8 | 17,089 | 16,025 |

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, ba ionann agus €294,920 olltuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta (€183,882 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Nithe ilghnéitheacha

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra shocraithe | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2021 | Caiteachas in 2021 | Caiteachas in 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin (Nithe áirithe i dtaobh seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara) | 2017 | 6,014 | 964 | 1,376 |
| Binse CervicalCheck | 2020 | 2,342 | 495 | 1,847 |
| Fiosrúchán Scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck | 2018 | 2,181 | — | 190 |
| | | **10,537** | **1,459** | **3,413** |

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin i dtaobh nithe áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara. Muirearaítear caiteachas an Choimisiúin ar Fho-mhírcheann D - fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus speansais dlí ilghnéitheacha.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse um CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi Alt 4 den Acht fán mBinse um CervicalCheck 2019, a chuireann tuarascáil an Bhreithimh Onóraigh Charles Meenan i bhfeidhm maidir le *Córas Malartach chun Déileáil le hÉilimh a Éiríonn as CervicalCheck*. Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe chuig an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020, rud a d'éascaigh an Binse tús a chur lena chuid oibre. Muirearaítear caiteachas an Bhinse ar Fho-mhírcheann D freisin.

Íocadh an íocaíocht dheireanach maidir leis an bhfiosrúchán scóipe ar Chlár Scagthástála CervicalCheck in 2020.

## 6.2 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d’íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh a rinne daoine den phobal | Iomlán 2021 | Iomlán 2020 |
|---|---|---|---|
| Líon na gcásanna | 60 | 60 | 13 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne í féin | 1,314 | 1,314 | 1,816 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 7,327 | 7,327 | 575 |
| Costais dlí | 486 | 486 | 2,341 |
| Costais eile | 228 | 228 | — |
| **Iomlán 2021** | **9,355** | **9,355** | **4,732** |
| Iomlán 2020 | 4,732 | 4,732 | |

## 6.3 Ciste Infheistíochta Obstatraice Speisialta

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Slánaíochta Obstatraice Speisialta. Faoin scéim, d’aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Mount Carmel a shlánú i leith éilimh obstatraice sonraithe. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Thug an tAire Sláinte údarú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas ón gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ag an 31 Nollaig 2021, b’ionann an t-iarmhéid ar an gciste agus €4.947 milliún (2020: €4.95 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| **Fo-mhírcheann** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,513 | 376 | 1,879 |
| | | **4,513** | **376** | **1,879** |

## 6.5 Maoiniú AE

Déanann an tAontas Eorpach cómhaoiniú ar chaiteachas faoi fho-mhírcheann E.4.

## 6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | **22** | **6** |

## 6.7 Géilleadh iarchurtha

Cuimsítear i ngéilleadh iarchurtha coigilteas dar luach €104 mhilliún i gcaiteachas caipitil in 2021 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go dtí 2022.

| | | €000 |
|---|---|---|
| **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:** | | |
| M.2 | Áiseanna sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fheistiú | 94,500 |
| M.3 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | 9,500 |
| | | **104,000** |

## 6.8 Coraintín éigeantach in óstán

Tugadh isteach coraintín éigeantach in óstán mar bheart eisceachtúil sláinte poiblí chun an riosca go dtiocfadh athraithigh Covid-19 ar díol imní iad isteach sa tír a íoslaghdú ar eagla go ndéanfaí an tseirbhís sláinte a phlúchadh agus an bonn a bhaint den chlár náisiúnta vacsaínithe.

In 2021, b'ionann na híocaíochtaí a rinneadh i leith coraintín éigeantach in óstán agus €35.044 milliún agus tá siad cláraithe faoi fho-mhírcheann E.5, gníomhartha Covid-19. Taifeadadh fáltais €11.435 milliún i leith íocaíochtaí a rinneadh leis an Roinn Sláinte faoi fháltais ilghnéitheacha i leithreasaí-i-gcabhair sna cuntais.

Bunaíodh próiseas iarchurtha íocaíochtaí le haghaidh daoine i gcruachás airgeadais agus bhí taistealaithe in ann údarú a lorg ó ambasáidí agus consalachtaí na hÉireann thar lear chun an íocaíocht a iarchur roimh dóibh taisteal, nó é a lorg ó Oifigeach Idirchaidrimh Stáit  iad tar éis an tsaoráid ainmnithe a shroicheadh. I gcás gur deonaíodh údarú don taistealaí chun an íocaíocht a iarchur, bhí siad in ann iarratas a dhéanamh ar an Aire ina dhiaidh sin chun díolúine a fháil ón oibleagáid na táillí a íoc. Fuair 125 dhuine díolúine.

Nuair a cuireadh stop le coraintín éigeantach in óstán, coinníodh foireann bheag sa Roinn chun leibhéal an fhiachais fós amuigh a ríomh, chun iarchuir íocaíochta a phróiseáil agus chun córas a chur i bhfeidhm chun airgead dlite a aisghabháil. Tá an fhoireann tar éis teagmháil a dhéanamh le 1,400 duine a bhain leas as iarchuir, ag lorg íocaíocht uathu agus ag próiseáil iarratais ar dhíolúintí nuair a fhaightear iad. Tá an próiseas comhaontaithe curtha i gcrích anois agus táthar tar éis airgead tirim dar luach €42,596 a aisghabháil agus díolúintí dar luach €89,070 a dheonú.

Amhail an 16 Feabhra 2022, ní raibh thart ar 800 duine tar éis dul i dteagmháil leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochtaí agus is ionann an fiachas atá fós amuigh agus €928,797.

Cé go ndearnadh obair shuntasach, ba mhó ar fad an costas a bhain leis an bhfoireann aisghabhála íocaíochtaí a oibriú ná an tsuim airgid a fuarthas ar ais.

Tá an Roinn tar éis scrúdú a dhéanamh ar roghanna éagsúla, lena n-áirítear foireann thiomnaithe a choinneáil leis an iarmhéid atá fós amuigh a lorg, ach ní dócha go léiríonn sé sin luach ar airgead don Roinn.  Ar an mbonn seo, tá sé beartaithe ag an Roinn ceadú a lorg chun an tsuim sin a dhíscríobh go bunúsach.

## Aguisín A Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Sláinte

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail dáta sínithe an chuntais, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta ar ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an tAire/Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Ospidéal Beaumont [a] | 2019 | 14 Bealtaine 2020 | 27 Bealtaine 2020 | 19 Meitheamh 2020 |
| Sláinte Leanaí Éireann [a] | 2020 | 21 Nollaig 2021 | 21 Eanáir 2022 | — |
| Ospidéal Déidliachta Bhaile Átha Cliath | 2020 | 5 Samhain 2021 | 17 Samhain 2021 | 24 Eanáir 2022 |
| Ospidéal San Séamas | 2020 | 22 Samhain 2021 | 16 Nollaig 2021 | 10 Eanáir 2022 |
| Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar | 2020 | 2 Nollaig 2021 | 13 Nollaig 2021 | 14 Eanáir 2022 |
| Bord Forbartha an Ospidéil Péidiatraice Náisiúnta | 2020 | 30 Samhain 2021 | 6 Nollaig 2021 | 20 Nollaig 2021 |
| An Chomhairle Náisiúnta Haemaifilia | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 14 Iúil 2021 | 26 Iúil 2021 |
| Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann | 2020 | 29 Meitheamh 2021 | 21 Iúil 2021 | 23 Lúnasa 2021 |
| Bord um Chur chun Cinn na Sábháilteachta Bia | 2020 | 20 D. Fómhair 2021 | 24 Samhain 2021 | 15 Nollaig 2021 |
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte | 2020 | 28 Aibreán 2021 | 10 Bealtaine 2021 | 27 Bealtaine 2021 |
| An Bord Taighde Sláinte | 2020 | 3 Nollaig 2021 | 10 Nollaig 2021 | 31 Eanáir 2022 |
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 2020 | 28 Bealtaine 2021 | 10 Meitheamh 2021 | 1 Iúil 2021 |
| An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (CORU) | 2020 | 16 M. Fómhair 2021 | 14 Deireadh Fómhair 2021 | 22 Deireadh Fómhair 2021 |
| Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 2020 | 25 Meitheamh 2021 | 6 Iúil 2021 | 29 Iúil 2021 |
| An tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte | 2020 | 29 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 4 Lúnasa 2021 |

| **Comhlacht/Ciste roinne** | **Tréimhse chuntasaíochta dheireanach** | **Dáta na tuarascála iniúchta** | **Dáta a fuair an tAire/Roinn í** | **Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í** |
|---|---|---|---|---|
| An Coimisiún Meabhair-Shláinte | 2020 | 29 Meitheamh 2021 | 2 Iúil 2021 | 26 Iúil 2021 |
| An Bord um an gClárlann Náisiúnta Ailse | 2020 | 25 Meitheamh 2021 | 30 Meitheamh 2021 | 22 Iúil 2021 |
| An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 27 Iúil 2021 | 20 Lúnasa 2021 |
| An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil | 2020 | 22 Nollaig 2021 | 14 Eanáir 2022 | 4 Márta 2022 |
| An tÚdarás Árachais Sláinte | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 5 Lúnasa 2021 | 25 Lúnasa 2021 |
| An Ciste um Chothromú Fiontar | 2020 | 30 Meitheamh 2021 | 5 Lúnasa 2021 | 25 Lúnasa 2021 |
| Comhairle Fiaclóireachta [b] | 2020 | 15 Nollaig 2021 | 20 Nollaig 2021 | 24 Eanáir 2022 |
| An Bord Altranais agus Cnáimhseachais [a] | 2020 | 20 Nollaig 2021 | 18 Eanáir 2022 | — |
| Comhairle na nDochtúirí Leighis | 2020 | 17 Bealtaine 2021 | 5 Lúnasa 2021 | 16 Lúnasa 2021 |
| Cumann Cógaiseoirí na hÉireann [b] | 2020 | 25 Márta 2021 | 31 Márta 2021 | 18 Meitheamh 2021 |
| Maoin Phríobháideach Othar Comhdhlúite | 2020 | 30 Samhain 2021 | 2 Nollaig 2021 | 18 Eanáir 2022 |
| An Scéim Aisíoca Sláinte (Ciste Deonacháin) | 2020 | 29 Samhain 2021 | 2 Nollaig 2021 | 18 Eanáir 2022 |
| Cuntas Speisialta don Scéim Aisíocaíochtaí Sláinte | 2020 | 29 Samhain 2021 | 2 Nollaig 2021 | 18 Eanáir 2022 |
| Scéim Árachais – Hep C | 2020 | 29 Samhain 2021 | 6 Nollaig 2021 | 20 Nollaig 2021 |

Nótaí

[a] Tá comhlacht amháin ag feitheamh go gcuirfear iniúchadh bliantúil reachtúil 2020 i gcrích agus tá socruithe á ndéanamh anois go gcuirfear na cuntais eile faoi bhráid Thithe an Oireachtais go foirmiúil

[b] Ní dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais na gcomhlachtaí Stáit seo